Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim Teanga

2020 - 2023

faoi Alt 15 d'Acht na

dTeangacha Oifigiúla 2003

Bealtaine 2020

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
tithiocht.gov.ie

© An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil 2020

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Scéim Teanga le fáil ar www.tithiocht.ie agus www.housing.gov.ie

Clár

Caibidil 1 Cúlra 2
1.1 Réamhrá 2
1.2 Athbhreithniú ar oibriú Scéim Teanga 2017-2020 2
1.3 Cur chuige maidir le Scéim Nua a Fhorbairt 3
1.4 Ábhar Scéim Teanga 2020-2023 3
1.5 Dáta tosaithe na Scéime 3
Caibidil 2 Forléargas ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil 4
2.1 Misean agus Sainordú 4
2.2 Custaiméirí na Roinne 4
2.3 Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí curtha ar fáil ag an Roinn 5
Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus Feabhsuithe atá beartaithe le haghaidh 2020-2023 8
3.1 Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn go dátheangach 8
3.2 Modhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an bPobal / Eolas a roinnt leis an bPobal 8
3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí 8
3.2.2 Suíomhanna Gréasáin agus Ríomhchórais na Roinne 8
3.2.3 Na Meáin Shóisialta 10
3.2.4 Óráidí 10
3.2.5 Comhfhreagras 10
3.2.6 Cuirí Oifigiúla 10
3.2.7 Bileoga Eolais / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir 10
3.2.8 Foilseacháin 11
3.2.9 Fógairtí béil / Cumarsáid teileafóin leis an bpobal 11
3.2.10 Preasráitis 11
3.2.11 Rialtas Áitiúil 12
3.2.12 Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí 12
3.2.13 Seirbhís do na ceantair Ghaeltachta 12
3.2.14 Logainmneacha Gaeltachta 12
3.3 Inniúlacht Ghaeilge na Roinne a fheabhsú 12
3.3.1 Pleanáil Lucht Oibre 12
3.3.2 Oiliúint & Forbairt 12
3.3.3 Acmhainní teanga 13
3.3.4 Seirbhísí Aistriúcháin 13
3.3.5 Seachtain na Gaeilge 13
3.3.6 Cumarsáid Inmheánach 14
Caibidil 4 Monatóireacht & Athbhreithniú 15
Caibidil 5 Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe 16

Caibidil 1 Cúlra

1.1 Réamhrá

Tháinig chéad Scéim Teanga na Roinne, arna hullmhú de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i bhfeidhm i Lúnasa 2005. Chuir an dara, an tríú agus an ceathrú Scéim, a chlúdaíonn na tréimhsí 2009-2012, 2013-2016 agus 2017-2020, leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge nó seirbhísí dátheangacha sa Roinn.

Is é an aidhm atá leis an gcúigiú Scéim seo cur leis an mbéim atá á leagan ar an nGaeilge i ngnóthaí laethúla na Roinne, ag cur an méid is indéanta le réasún as seo go ceann trí bliana san áireamh.

Tá athbhreithniú inmheánach déanta ar bhonn bliantúil ar na Scéimeanna a bhí ag an Roinn roimhe seo agus chuir torthaí an phróisis sin le forbairt na Scéime seo - an cúigiú Scéim atá forbartha ag an Roinn.

1.2 Athbhreithniú ar oibriú Scéim Teanga 2017-2020

Chruthaigh Scéim Teanga 2017-2020 tuilleadh dúshlán fós don Roinn mar aon lena chinntiú go raibh cur chun feidhme na n-oibleagáidí a bhaineann leis an nGaeilge á dhaingniú mar chuid de chultúr na Roinne.

I rith thréimhse na Scéime, d'oibrigh baill foirne san Aonad Tacaíochta Straitéisí & Gnó (ATSG) go dlúth le comhghleacaithe as ar fud na Roinne chun cur le tuiscint ar, agus comhlíontacht a chinntiú, le téarmaí agus spiorad na Scéime. Trí shraith suirbhéanna inmheánacha bliantúla, rinne an Roinn iarracht an leibhéal éilimh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheas, seirbhísí béil agus i bprionta.

Glactar leis sa Roinn go mbaineann tábhacht lenár Scéim Teanga, agus leis na hoibleagáidí reachtúla atá ag eascairt as an Scéim agus as Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá an ATSG tiomanta do chinntiú go dtuigeann baill foirne agus bainisteoirí na freagrachtaí atá orthu chomh fada is a bhaineann le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Úsáidtear ríomhiris na Roinne, 'Weekly Wrap', go rialta chun aird na mball foirne a tharraingt ar thiomantais chomh fada is a bhaineann leis an nGaeilge, cosúil leis an gceanglas foilseacháin áirithe a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. D'fhonn tacú le baill foirne na ceanglais seo a chomhlíonadh agus cur chun feidhme éifeachtach na Scéime a chinntiú, cuirtear deiseanna oiliúna Gaeilge ar fáil do bhaill foirne mar aon le hacmhainní éagsúla ar líne, lena n-áirítear treoirdhoiciméid agus mionsonraí maidir le seirbhísí aistriúcháin. Úsáidtear inlíon na Roinne, **Doras,** chun cumarsáid a dhéanamh le baill foirne maidir le ceisteanna a bhaineann leis an nGaeilge.

Chomh maith leis sin, tugann an suirbhé bliantúil deis don Roinn dul chun cinn ó thaobh chur chun feidhme na Scéime a mheas agus tugann sé leid chomh maith maidir le haon deacrachtaí atá ag aonaid ghnó chomh fada is a bhaineann le cur chun feidhme. Ar an gcuma chéanna, soláthraíonn an t-iniúchadh bliantúil eolas maidir leis an éileamh atá ag an bpobal ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Is léir ó na torthaí go bhfuil an t-éileamh atá ag an bpobal ar sheirbhísí trí Ghaeilge – go pearsanta nó trí ghlaonna teileafóin – íseal ar bhonn leanúnach.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Roinn le hoifigigh ó oifig an Choimisinéara Teanga d'fhonn a chinntiú go dtarraingítear aird ball foirne ar ghearáin agus ar cheisteanna a bhaineann le neamh-chomhlíontacht agus go ndéileáiltear leo, lena chinntiú nach dtarlaíonn an rud céanna arís.

1.3 Cur chuige maidir le Scéim Nua a Fhorbairt

D'fhoilsigh an Roinn fógra ar a suíomh gréasáin ar an 13 Samhain 2019 faoi Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag lorg uiríoll ó pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhú na Scéime Teanga nua seo. Cuireadh gach comhlacht faoi choimirce na Roinne ar an eolas faoi fhorbairt na Scéime nua agus tugadh cuireadh dóibh a dtuairimí a chur in iúl.

Ina theannta sin, lorgaíodh moltaí ó bhaill foirne atá ag obair i Rannáin éagsúla na Roinne agus ó na suirbhéanna bliantúla a mheas an dul chun cinn a rinneadh faoi na Scéimeanna Teanga a bhí curtha i bhfeidhm ag an Roinn roimhe seo.

1.4 Ábhar Scéim Teanga 2020-2023

Is é atá mar aidhm leis an Scéim Teanga nua seo leanúint leis na tiomantais a sonraíodh i Scéimeanna roimhe seo a chomhlíonadh agus cur leis an dul chun cinn atá déanta chomh maith.

Chomh maith leis sin, cuirfidh an Scéim nua le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus leanfar lena chinntiú go bhfreastalaítear ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Roinn leis an leibhéal éilimh atá ar a seirbhísí Gaeilge a mheas trí iniúchtaí bliantúla a dhéanamh ar an éileamh atá ar sheirbhísí agus na bearta cur chun feidhme atá curtha i gcrích. Tuairiscíonn an Roinn ar a tiomantais ina Tuarascáil Bhliantúil gach bliain.

1.5 Dáta tosaithe na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo ar 8 Bealtaine 2020 Tosaíonn an scéim le héifeacht ón dáta seo agus beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh Scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 Forléargas ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

2.1 Misean agus Sainordú

Is é misean na Roinne, mar atá sonraithe ina **Ráiteas Straitéise 2017-2020** tacú le forbairt inbhuanaithe, le béim ar leith ar phleanáil straitéiseach, soláthar éifeachtach tithe dea-phleanáilte, i bpobail bhríomhara agus bainistíocht inbhuanaithe ár n-acmhainní uisce, agus rialtas áitiúil éifeachtach a chinntiú.

Seo a leanas ár gcuspóirí straitéiseacha:

- A chinntiú go gcuireann pleanáil agus tógáil inár réigiúin agus pobail le forbairt inbhuanaithe agus chothromaithe;
- Socrú a dhéanamh le haghaidh soláthar tithíochta ar ardchaighdeán;
- Socrú a dhéanamh le haghaidh creata do bhainistíocht inbhuanaithe acmhainní uisce ón bhfoinse go dtí an fharraige;
- Tacú le rialtas áitiúil daonlathach, freagrach agus éifeachtach, bainistíocht éifeachtach toghcháin agus seirbhísí dóiteáin agus bainistíocht éigeandála ar ardchaighdeán agus é sin ar fad a chumasú;
- Freastal ar an tsochaí trí eolas iontaofa faoin aimsir agus faoin aeráid a chur i dtoll a chéile agus a chur in iúl chun bearta agus maoin a chosaint, agus ról Met Éireann mar fhoinse údarásach meitéareolaíochta na hÉireann a fhorbairt tuilleadh.

Tá oifigí ag an Roinn sna háiteanna seo a leanas: Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath; Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman; agus Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Tá baill foirne atá ag obair sna cigireachtaí tithíochta agus rialtais áitiúil agus i seirbhís iniúchóireachta an rialtais áitiúil lonnaithe ar fud na tíre. Is i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath, atá ceanncheathrú Met Éireann, agus tá baill foirne ag obair i suíomhanna réigiúnacha chomh maith.

2.2 Custaiméirí na Roinne

Bunaithe ar scóip agus ar nádúr shainordú na Roinne, tá tionchar ag a cuid oibre ar raon leathan daoine agus pobal ar fud na tíre. Cé go bhfuil formhór na seirbhísí atá á gcur chun cinn ag an Roinn á seachadadh trí earnáil an rialtais áitiúil, tá bonn leathan custaiméirí ag an Roinn. Áirítear ann:

- Baill den phobal;
- Pobail ar fud na tíre;

- Comhpháirtithe Sóisialta;
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha;
- Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne;
- Ranna agus Oifigí Rialtais eile;
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha;
- Ionadaithe tofa; agus
- Institiúidí Eorpacha agus Idirnáisiúnta.

2.3 Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí curtha ar fáil ag an Roinn

Tá obair na Roinne á cur i gcrích trí sheacht Rannán – Polasaí Pleanála, Tithíochta; Reachtaíocht agus Rialachas; Soláthar Tithíochta Rialtais Áitiúil; Uisce; Tacaíocht Chorparáideach agus Ghnó; agus Met Éireann. Tá Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil lonnaithe sa Roinn chomh maith.

Tá eolas maidir le príomhfheidhmeanna sheacht rannán na Roinne le fáil thíos.

Polasaí, Reachtaíocht agus Rialachas Tithíochta

Áirítear i measc fheidhmeanna an Rannáin Polasaí, Reachtaíocht agus Rialachas Tithíochta, forbairt Polasaí Tithíochta agus Polasaí Caighdeán Tógála a áirítear ann gnéithe de Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine. Chomh maith leis sin, tá an Rannán seo freagrach as a chinntiú go bhfuil struchtúr rialála i bhfeidhm chun tacú le Meicníochtaí agus Rialachas Maoinithe Tithíochta cosúil le cur chun feidhme Chiste Nuálaíochta AHB agus scéim Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann agus straitéis náisiúnta a fhorbairt don earnáil chíosa agus a chinntiú go gcuirtear anailís agus monatóireacht eacnamaíoch den mhargadh tithíochta agus de réimsí gaolmhara ar fáil

Soláthar Tithíochta

Tá an Rannán Soláthair Tithíochta freagrach as líon suntasach gníomhartha faoi Phlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine an Rialtais - Atógáil Éireann. Áirítear i measc roinnt de na príomhréimsí: Tacaíochtaí Cuimsithe Easpa Dídine agus Tithíochta; Inacmhainneacht & Costas Cíosa; maoirseacht agus bainistíocht an Chláir Infheistíochta Caipitil do Thithíocht Shóisialta (CICTS) agus an Clár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta (CCRTS), a chuimsítear ann an tSaoráid Airleacain Caipitil Léasaithe (CALF) agus na scéimeanna Morgáiste go Cíos mar aon le freagracht as cur chun feidhme agus bainistíocht na scéime Ílocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ICT) agus na Scéime Cóiríochta Cíosa (SCC). I dteannta leis an gclár tithíochta sóisialta a threorú, tá an Rannán freagrach freisin as comhordú, pleanáil, bainistíocht soláthar tithíochta sóisialta agus maoirseacht airgeadais agus caiteachais tithíochta mar aon le maoirseacht ar shaincheisteanna leagáide a bhaineann le

caighdeáin tógála agus rialachas feabhsúcháin piríte agus maoirseacht ar an mBord um Réiteach Piríte.

Pleanáil

Cinntíonn an Rannán Pleanála go bhfuil an polasaí straitéiseach agus an creat pleanála reachtach cuí i bhfeidhm chun fás eacnamaíoch agus forbairt réigiúnach chothromaithe a chur chun cinn, e.g. trí chur chun feidhme Thionscadal Éireann 2040: An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP). Tá córas pleanála trédhearcach agus láidir forbartha ag CNP, agus soláthraítear ann treoir agus acmhainní polasaí d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála chun a bhfeidhmeanna reachtúla agus ceanglais agus feidhmeanna a bhaineann le hOifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) a chomhlíonadh. Áirítear de riachtanas sa ról seo idirghníomhaíocht maidir le Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSER), polasaí athghiniúna uirbí lena n-áirítear an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus polasaí bainistíochta talún, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Forbartha Talún. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as pleanáil mhara agus as forbairt agus gníomhaíocht ar an imeall trá a rialú.

An Rannán Rialtais Áitiúil

Déanann an Rannán Rialtais Áitiúil maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an chláir oibre éifeachtúlachta agus nuachóirithe d'earnáil an rialtais áitiúil. Déileálann sé le, inter alia, acmhainní a chur ar fáil – foireann & maoiniú; éifeachtúlacht agus nuachóiriú eagraíochtúil, polaitiúil agus struchtúrtha; maoirseacht agus rialachas i ndáil le rialtas áitiúil agus réigiúnach. Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí airgid, déileálann sé le polasaí rátaí tráchtála agus le leithdháileadh cáin mhaoine áitiúil. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Rannán ceannaireacht agus comhordú náisiúnta maidir le bainistíocht dóiteáin; drochaimsire agus éigeandála tríd an Stiúrthóireacht Náisiúnta tiomnaithe um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Tá an phríomhfhreagracht ar an Rannán as comhordú a dhéanamh ar mhaoirseacht agus ar rialachas Ghníomhaireachtaí Stáit na Roinne, go háirithe an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

An Rannán Uisce

An Rannán Uisce, a dhíríonn ar Pholasaí na hEarnála Uisce, lena n-áirítear cur chun feidhme athchóirithe earnála, rialachas agus maoiniú Uisce Éireann agus an Ghrúpa Ervia, maoirseacht ar earnáil na Grúpscéime Uisce agus cur chun feidhme na Creat-treorach Uisce, na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí agus an chreata dhlíthiúil maidir leis an imeall trá.

An Rannán um Thacaíocht Chorparáideach agus Ghnó

Tá feidhmeanna fairsinge ag an Rannán um Thacaíocht Chorparáideach agus Ghnó agus áirítear ina measc: Acmhainní Daonna; oiliúint agus forbairt; rialachas corparáideach roinne; clár athchóirithe na Roinne a threorú; airgeadas agus cuntais; maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chóid chaiteachais phoiblí; TFC; tacú le polasaí eacnamaíoch agus staitistiúil; bainistíocht saoráidí; an fheidhm Saincheadúnais; an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála; an tAonad Dlí agus Iniúchadh Inmheánach. Lena chois sin, áirítear i sainchúram an Rannáin seo feidhmeanna cumarsáide lena n-áirítear an phreasoifig, mar aon le seirbhísí tacaíochta éagsúla straitéiseacha agus gnó a sholáthar don Roinn trí chéile.

Met Éireann

Is é Met Éireann, Seirbhís Náisiúnta Mhéiteareolaíoch na hÉireann príomhsholáthraí faisnéis aimsire agus seirbhísí gaolmhara sa Stát. Is é misean Met Éireann aimsir agus aeráid na hÉireann a mhonatóiriú, a anailísiú agus a thuar, agus raon faisnéis mhéiteareolaíoch agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar don phobal agus do chustaiméirí sonracha, mar shampla, na hearnálacha eitlíochta agus talmhaíochta. Forbraíonn an Stiúrthóir treo straitéiseach de réir pholasaithe Roinne; coimeádann agus nuashonraíonn sé cáilíocht agus éifeachtúlacht oibríochtúil; tá sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Met Éireann a oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus feidhmíonn sé mar Ionadaí Buan na hÉireann ar an Eagraíocht Dhomhanda Méiteareolaíochta.

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus Feabhsuithe atá beartaithe le haghaidh 2020-2023

Tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach dá custaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a chuirfidh an Roinn i bhfeidhm as seo go ceann trí bliana chun cur leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt seirbhísí dátheangacha thar thréimhse na Scéimeanna roimhe seo.

3.1 Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn go dátheangach

Go ginearálta, ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí go díreach don phobal, seachas déileáil le fiosrúcháin ó lá go lá. Maidir leis an líon beag Aonad Gnó a sholáthraíonn seirbhísí díreacha, tá socruithe déanta lena chinntiú go mbíonn ball foirne ainmnithe ar fáil chun an tseirbhís a sholáthar sa teanga a roghnaíonn an custaiméir.

3.2 Modhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an bPobal / Eolas a roinnt leis an bPobal

3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí

Leanann Cairt Chustaiméirí na Roinne le léargas a thabhairt ar phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus, ar an tslí seo, cinntítear go bhfreastalaítear ar dhaoine ar mian leo a ngnó linn a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá an dá dhoiciméad ag leanúint le próifíl na Gaeilge a chur chun cinn sa Roinn trí bhreis airde a tharraingt ar an téacs Gaeilge

3.2.2 Suíomhanna Gréasáin agus Ríomhchórais na Roinne

(i) I dteannta le gach ábhar statach a chur ar fáil, leanfaidh an Roinn ag cur leis an méid ábhair atá ar fáil trí Ghaeilge ar a suíomh gréasáin www.housing.gov.ie / www.tithiocht.ie. Beidh na haidhmeanna atá ann cur leis an méid Gaeilge atá le feiceáil ar an suíomh gréasáin bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé inmheánaigh is déanaí ar sheirbhísí atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge ag an Roinn. Spreagfar Aonaid Ghnó nach bhfuil ábhar Gaeilge curtha ar fáil do shuíomh gréasáin na Roinne acu fós go sonrach chun scrúdú a dhéanamh ar a n-ábhar ar líne mar iarracht cur leis an méid ábhair atá ar fáil trí Ghaeilge. D'fhonn cabhrú leis an Roinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hinfhaighteacht leaganacha Gaeilge d'ábhar statach ar an suíomh gréasáin, ainmníodh Pointe Teagmhála Aonair (PTA) san ATSG. Soláthraíonn agus eagraíonn an PTA seo ábhar a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus

an t-ábhar sin a uaslódáil ar an suíomh gréasáin. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfuil gach foilseachán, lena n-áirítear bileoga agus bróisiúir, atá á gcur i dtoll a chéile i nGaeilge nó go dátheangach, á gcur ar fáil ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin ag an am céanna leis an leagan Béarla.

(ii) Leanfaidh an Roinn ag obair chun ábhar statach ar shuíomhanna gréasáin eile a bhfuil sí freagrach astu a chur ar fáil trí Ghaeilge. Go háirithe, leagfar béim ar shuíomhanna gréasáin a chuireann le feasacht an phobail ar cheisteanna tábhachtacha agus/nó muirir le haghaidh seirbhísí áitiúla, www.firesafetyweek.ie gus http://www.myplan.ie shampla.

(iii) Tá an Roinn ag ascnamh chuig Gov.ie faoi láthair agus tá punann a suímh ghréasáin á hathbhreithniú aici agus déileálfar le hábhar Gaeilge a sholáthar sa chomhthéacs seo.

(iv) Leanfaidh an Roinn le leaganacha Gaeilge d'ábhar statach na suíomhanna seo a choimeád agus a sholáthar i rith thréimhse na Scéime seo.

(v) Chomh maith leis sin, leanfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar statach atá ar fáil ar gach **suíomh gréasáin nua** atá forbartha ag an Roinn nó thar ceann na Roinne ar fáil go dátheangach.

(vi) Cuirfear gach **seirbhís idirghníomhach nua ar líne** (i.e. seirbhísí a chuireann ar chumas ball den phobal iarratais a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh) a fhorbraítear thar thréimhse na Scéime ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla go comhuaineach.

(vii) Leanfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfuil bogearraí agus ríomhchórais a fhorbraíonn an Roinn nó a fhorbraítear thar ceann na Roinne, a éilíonn faisnéis maidir le baill den phobal a ionchur, ainmneacha agus seoltaí mar shampla, comhoiriúnach leis an nGaeilge. Cuirfidh an Roinn na tiomantais atá ann sa chomhthéacs seo in iúl do chomhlachtaí faoina coimirce (go háirithe an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA) a chabhraíonn le húdaráis áitiúla réitigh TFC áirithe a fhorbairt).

(viii) Leanfaidh an Roinn lena chinntiú go gcloíonn gach forbairt TFC leis na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an nGaeilge.

3.2.3 Na Meáin Shóisialta

Tá dhá ardán meán sóisialta ag an Roinn a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh lena custaiméirí. Déanfar athbhreithniú ar an ábhar in 2020 agus é mar aidhm níos mó postálacha Gaeilge a chur san áireamh. Leagfar béim ar a chinntiú go n-úsáidtear ardáin agus podchraoltaí Meán Sóisialta na Roinne chun cur leis an aschur Gaeilge ón Roinn.

3.2.4 Óráidí

Leanfar le hóráidí nó ráitis, a thugann Airí san Oireachtas nó in áiteanna eile, mar aon le hóráidí tugtha ag oifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha ina dtugtar iad.

3.2.5 Comhfhreagras

I dteannta lena hoibleagáid dhlíthiúil comhfhreagras trí Ghaeilge a fhreagairt trí Ghaeilge a chomhlíonadh, déanfaidh an Roinn iarracht comhfhreagras trí Ghaeilge a sheoladh chuig daoine ar eol don Roinn ar fearr leo comhfhreagras trí Ghaeilge a fháil. Leanfar le baill foirne a threorú chun taifead a choinneáil de na heagraíochtaí sin agus é mar aidhm an tiomantas seo a chomhlíonadh. Déanfar an fhaisnéis seo a nuashonrú go rialta ar inlíon na Roinne. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, cosúil le séanadh freagrachta, ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Tacófar le baill foirne chun freagraí uathoibríocha ‘As láthair ón oifig’ a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

3.2.6 Cuirí Oifigiúla

Leanfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfuil cuirí le haghaidh ócáidí oifigiúla atá á reáchtáil ag an Aire nó ag Airí Stáit priontáilte go dátheangach.

3.2.7 Bileoga Eolais / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir

Cuireann an Roinn roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais ar mhaithe le leas an phobail i dtoll a chéile. Leanfaidh an Roinn lena chinntiú go bhfuil gach foirm iarratais, póstaer agus bileog a úsáidtear go coitianta e.g. i ndáil le vótáil, feachtais feasachta pobail agus poiblí etc. ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. Sa chás nach bhfuil sé sin indéanta mar gheall ar nádúr, méid, nó leagan amach an ábhair, cuirfear leagan Gaeilge agus leagan Béarla ar leith ar fáil. I gcásanna den sórt sin, cuirfear leagan Gaeilge ar fáil ar an mbealach céanna leis an leagan Béarla. Sa chás go gcuirtear bileoga, foirmeacha iarratais agus póstaeir ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Geallann an Roinn go háirithe an Chairt Seirbhísí do Chustaiméirí agus an bhileog eolais maidir le seirbhísí atá ar

fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge a chur ar fáil go dátheangach faoi aon chlúdach amháin.

3.2.8 Foilseacháin

Tá raon leathan foilseachán á chur i dtoll a chéile ag réimsí polasaí éagsúla na Roinne. Geallann an Roinn leanúint le leaganacha dátheangacha de phríomhfhoilseacháin a sholáthar (príomhráitis pholasaí, straitéisí etc.) laistigh den chlúdach céanna go hinmhianaithe (cóip chrua nó foilseacháin leictreonacha). Sa chás, áfach, go laghdódh fad aon fhoilseacháin dhátheangaigh a éifeachtacht nó go mbeadh costas breise iomarcach i gceist, cuirfear leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith ar fáil. Chuige seo, áireofar i ngach ceann ráiteas a chuireann in iúl go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl sé i gceist doiciméid mhóra dhátheangacha a fhoilsiú, doiciméid atá teicniúil agus nach scaiptear ar líon mór daoine.

3.2.9 Fógairtí béil / Cumarsáid teileafóin leis an bpobal

Ar aon dul le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, leanfaidh an Roinn lena chinntiú go mbeidh fáilteoirí agus oibreoirí lasc-chláir, an chéad phointe teagmhála leis an bpobal, in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ainm na Roinne a rá trí Ghaeilge agus trí Bhéarla;
- beidh beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar eolas acu;
- beidh siad in ann baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a thairiscint trí Ghaeilge.

Leanfar le baill foirne aonair a spreagadh chun teachtaireachtaí glórphoist a chur ar fáil go dátheangach, áit ar féidir.

3.2.10 Preasráitis

Soláthróidh agus eiseoidh an Roinn 30% de gach preasráiteas go dátheangach i rith na bliana i rith thréimhse na Scéime. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis na preasráitis atá le heisiúint go dátheangach, cinnteoidh an Roinn go dtabharfar tús áite do phreasráitis a bhaineann leis an nGaeilge nó le gnóthaí Gaeltachta, agus tabharfar aird ar leith ar cheisteanna pobail, mar aon le fógraí réamhphleanáilte a mbaineann tábhacht náisiúnta leo. Eiseofar gach preasráiteas den chineál sin do na meáin Ghaeilge go háirithe.

Chomh maith leis sin, leanfar leis an leagan dátheangach den phreasráiteas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

3.2.11 Rialtas Áitiúil

Leanfaidh an Roinn le ciorcláin agus le foirmeacha gaolmhara a chur ar fáil d'údaráis áitiúla i bhformáid dhátheangach sa chás go bhfuil a leithéid sin de dhoiciméid in úsáid go díreach ag baill foirne údaráis áitiúil chun seirbhísí a chur ar fáil do bhaill den phobal.

3.2.12 Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí

Is trí Bhéarla amháin a reáchtálann an Roinn formhór a cruinnithe poiblí. Tá sé mar pholasaí ag an Roinn seo, áfach, áit ar gá, baill foirne atá inniúil sa Ghaeilge a chur ar fáil chun freastal ar chruinnithe i gceantair Ghaeltachta agus/nó nuair a bhíonn cruinnithe á reáchtáil le heagraíochtaí/grúpaí Gaeilge, sa chás go dtugtar fógra cuí.

3.2.13 Seirbhís do na ceantair Ghaeltachta

Geallann an Roinn leanúint le seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill den phobal i gceantair Ghaeltachta thar shaolré na Scéime.

3.2.14 Logainmneacha Gaeltachta

Leanfaidh an Roinn le húsáid a bhaint as na Logainmneacha Gaeltachta oifigiúla, mar atá fógartha ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá leaganacha oifigiúla Gaeilge logainmneacha, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, le fáil ar www.logainm.ie.

3.3 Inniúlacht Ghaeilge na Roinne a fheabhsú

3.3.1 Pleanáil Lucht Oibre

Ag féachaint do pholasaí Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí trí Ghaeilge, leanfaidh an Roinn le haon phoist a bhfuil inniúlacht Ghaeilge luaite mar riachtanas leo a shainaithint. Déanfar gach iarracht is féidir na riachtanais seo a chomhlíonadh ag féachaint do pholasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuireann sé seo ar chumas na Roinne feabhsú incriminteach seirbhísí trí Ghaeilge a phleanáil agus tús áite a thabhairt dóibh ar bhealach níos straitéisí.

3.3.2 Oiliúint & Forbairt

Déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas mar chuid dá tiomantas deiseanna oiliúna agus forbartha cuí a chur ar fáil don fhoireann ar fad:

- Leanfar le feasacht teanga a áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna ábhartha, lena chinntiú go dtuigeann na baill foirne na hoibleagáidí dátheangacha atá orthu faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

- Leanfar le deiseanna oiliúna Gaeilge a chur ar fáil agus tacú le baill foirne atá ag freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge i rith uaireanta oibre.

- Leanfar le comhairle a chur ar bhaill foirne, agus cúnamh airgeadais in imthosca áirithe, i ndáil leis an raon ranganna Gaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oibre.

- Leanfar le deiseanna oiliúna Gaeilge a chur ar fáil, de réir mar is gá, don fhoireann fáiltithe/teileafónaithe agus d'Oifigigh Seirbhíse chun a dtuiscint ar bheannachtaí bunúsacha agus a dtuiscint bhunúsach ar an nGaeilge a fheabhsú.

- Leanfar leis na hiarrachtaí daoine a aimsiú atá sásta seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil ar fud na Roinne sa chás go ndéantar iarratas seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tá ainmneacha na mball foirne sin liostaithe ar an suíomh inlín, Doras.

3.3.3 Acmhainní teanga

Leanfaidh an Roinn le rochtain a sholáthar do bhaill foirne ar acmhainní eolais agus teanga, e.g. foclóirí, cóip chrua, más gá, agus i bhformáid leictreonach, comhairle maidir leis an nGaeilge scríofa agus liosta de fhrásaí coitianta etc. Leagtar béim ar úsáid a bhaint as acmhainní ar líne cosúil le seiceálaithe litrithe, www.tearma.ie, www.focal.ie agus www.foclóir.ie.

3.3.4 Seirbhísí Aistriúcháin

D'fhonn cabhrú leis an Roinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hinfhaighteacht leaganacha Gaeilge d'ábhar statach ar an suíomh gréasáin, tá Pointe Teagmhála Aonair (PTA) ar fáil. Is féidir leis an PTA socruithe a dhéanamh chun ábhar a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.

3.3.5 Seachtain na Gaeilge

Tá an Roinn tiomanta do thionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn a thacaíonn le agus a spreagann úsáid a bhaint as an nGaeilge. Ar an tslí seo, leanfaidh an Roinn ag tacú le gníomhaíochtaí a eagraítear i rith Sheachtain na Gaeilge thar thréimhse na Scéime seo.

3.3.6 Cumarsáid Inmheánach

Leanfar le húsáid a bhaint as ‘Weekly Wrap’ – nuachtlitir leictreonach sheachtainiúil na Roinne – agus as an Inlíon chun eolas maidir leis an nGaeilge a roinnt.

Caibidil 4 Monatóireacht & Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na Scéime. Chun dlús a chur faoin dul chun cinn seo, baileofar eolas go bliantúil maidir le:

- polasaithe nó tionscnaimh a thacaigh le húsáid na Gaeilge;
- ábhair foilsithe go hiomlán nó go páirteach trí Ghaeilge;
- tarlú agus nádúr aon ghearán agus moltaí a bhaineann leis na seirbhísí trí Ghaeilge atá á gcur ar fáil ag an Roinn;
- dul chun cinn i gcomparáid le gach ceann de na tiomantais atá leagtha amach sa Scéim;
- an leibhéal éilimh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Roinn le breithniú a dhéanamh ar aon bhearta breise atá riachtanach chun an leibhéal seirbhíse atá á chur ar fáil ag an eagraíocht a fheabhsú i bhfianaise éilimh agus ag eascairt as an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn.

Lena chois sin, áireofar tuairisc ar bhearta curtha chun feidhme faoin Scéim i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Caibidil 5 Poiblíocht na Scéime Comhaontaithe

Tá aird na mball foirne tarraingthe ar na freagrachtaí atá orthu i ndáil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá treoir agus treoracha mionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh na bearta Gaeilge a bheith le cur i bhfeidhm acu. Leanfar le haird ball foirne a tharraingt ar a bhfreagrachtaí faoin Scéim trí mhodhanna éagsúla e.g.:

- Fógraí Oifige;
- eolas ar inlíon na Roinne e.g. sa 'Weekly Wrap' (nuachtlitir leictreonach sheachtainiúil); agus
- eolas maidir le tiomantais na Roinne maidir leis an nGaeilge sna cúrsaí oiliúna ábhartha.

Cuirfear ábhar na Scéim seo, mar aon leis na tiomantais agus forálacha, ar fáil don phobal ar na bealaí seo a leanas:

- Cuirfear cóipeanna ar fáil do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí poiblí oiriúnacha;
- Suntasacht ar shuíomh gréasáin na Roinne;
- Suntasacht sa Chairt Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta Ardchaighdeáin Seirbhísí do Chustaiméirí;
- Bileog ghearr ina leagtar amach na seirbhísí trí Ghaeilge atá á gcur ar fáil ag deasca fáiltithe.

Le cois na mbeart seo, leanfaidh an Roinn le gach deis a thapú ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí na seirbhísí atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, lena n-áirítear:

- trí chustaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha atá acu a ngnó leis an Roinn a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chrochadh sna limistéir fáiltithe ag cur in iúl go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus trí na seirbhísí seo a liostú in áit fheiceálach ar shuíomh gréasáin na Roinne;
- fonótaí a chur le treoirlínte, bileoga, agus foirmeacha iarratais roghnaithe ina mínítear go bhfuil na doiciméid seo ar fáil trí Ghaeilge chomh maith (i gcásanna nuair nach bhfuil ábhar priontáilte dátheangach curtha ar fáil faoi aon chlúdach amháin); agus

- nótaí i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ag cur in iúl go soláthraíonn an Roinn seirbhísí trí Ghaeilge agus, dá réir sin, ag fáiltiú roimh chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, de réir na dtiomantas i Scéim chomhaontaithe na Roinne.

Tá cóip den Scéim seo seolta chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland